

❁ An Lúibín ❁

17 Samhain 2012

Bliain na Gaeilge

Is í Bliain na Gaeilge an bhliain 2013. Roghnaíodh í chun comóradh a dhéanamh ar bhunú Chonradh na Gaeilge 120 bliain ó shin sa bhliain 1893. Tá sé d'aidhm ag an dream diamhair úd, na 'húdaráis' agus na 'gníomhaithe,' tairbhe a bhaint as an ócáid chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann, go háirithe sa Ghaeltacht (cé gur mór an chaint a chloisfeá anois ar threisiú na Gaeilge uirbí).

Beidh féilire imeachtaí Gaeilge ann in Éirinn agus béim ar leith á cur ar na healaíona. Beifear ag iarraidh ar na Gaeil thar lear bualadh anall ar son a gcuid féin den scléip, agus is dócha go dtiocfaidh a lán Gaeilgeoirí ó Mheiriceá Thuaidh. I ndeireadh na dala, ar ndóigh, is féile Éireannach í. B'fhearr aitheantas a thabhairt don Ghaeilge mar atá sí i ndáiríre – teanga a bhfuil brí agus beocht inti taobh amuigh d'Éirinn.

Mar sin féin, más mian le daoine lámh a bheith acu san obair in Éirinn iathghlas, tá gach eolas ar fáil ag www.gaeilge2013.ie.



Youtube na dteangacha

Más áil leat iontas a dhéanamh dá bhfuil de theangacha foghlamtha ag daoine áirithe, féach ar:

<http://thelinguistblogger.wordpress.com/2009/09/11/polyglots-on-youtube/>

Díospóireacht shuimiúil faoin nGaeilge nua cathrach:

<http://irishlearner.awyr.com/phpBB3/viewtopic.php?f=28&t=1348&start=0>



Gairm agus Gaeilge

Obair a dhéanamh trí Ghaeilge! Gairm a shaothrú sa teanga bheannaithe! Tar éis an tsaoil, is minic is féidir a leithéid a dhéanamh in Éirinn anois, agus sa Bhruiséil freisin. Seoladh DVD le déanaí in Éirinn agus comhairle ann do dhaltáí faoin ngairmeacha a chuirfeadh an Ghaeilge ar fáil duit. Pacáiste ilmheáin is ea *Céim chun Tosaigh: Ag obair le Gaeilge* agus é curtha i dtoll a chéile ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ag Comhar na Múinteoirí Gaeilge do dhaltáí na sraithe sinsearaí ag an dara leibhéal. Ciarán Ó Conghaile agus Sibéal Davitt a chuir i láthair é. Tá sé de chuspóir aige eolas a sholáthar i dtaobh cúrsaí tríú leibhéal, deiseanna oiliúna agus na deiseanna éagsúla a bheidh ag scoláirí tar éis na scrúduithe Ardteiste agus A-Leibhéal.

Cloistear scéal a gceirde á ríomh ag a lán daoine ar chuidigh an Ghaeilge leo ina gcuid oibre - aisteoir, ealaíontóir, preas-oifigeach san Arm, múinteoir ríomhaireachta, dlí-theangeolaí, ateangaire, tuairisceoir nuachta, múinteoir Gaeilge thar lear, stiúrthóir naíonra agus múinteoir surfála. Tugtar cuntas freisin ar na scileanna inaistrithe atá ag daoine a bhfuil cúpla teanga ar a dtoil acu agus ar na postanna atá ar fáil dá bharr, agus tá na físeáin le feiceáil ar an Idirlión. Féach:

<http://www.careersportal.ie/news/news.php?Heading=Occupational+Videos+As+Gaeilge&ID=13111203#.UKSLmeRIOAh>

Tá fotheidil ag gabháil leo agus is maith an áis teagaisc iad. Cuireadh an pacáiste amach le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge, ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus ó Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí.



Gaeilge Chúige Laighean

Níl aon duine de sheanchainteoirí dúchais Chúige Laighean beo anois, ach tá suim ag daoine i gcónaí sa saghas Gaeilge a labhraíí ann. Is iad na contaethe atá i gceist Co. Cheatharlach, Co. Bhaile Átha Cliath, Co. Chill Dara, Co. Laoise, Co. an Longfoirt, Co. Lú, Co. na Mí, Co. Uíbh Fhailí, Co. na hIarmhí, Co. Loch Garman agus Co. Cill Mhantáin. Rinne Nicholas Williams athbhreithniú ar an bhfianaise in alt i *Stair na Gaeilge* (1994). Rinne sé amach go mbíodh trí chanúint á labhairt i gCúige Laighean – ceann mór agus dhá cheann neamhleathana. Lábhraíí canúint fhorleathan ó iarthar Chonnacht soir go hInbhear Life agus ó dheas go Loch Garman, cé go raibh an-éagsúlacht ag baint leis na fochanúintí. Ba í an chanúint ‘Chonnachtach’ seo an chanúint Laighneach cheart. Gaeilge an tuaiscirt a bhí á labhairt in Oiriaila (Co. na Mí agus Co. Lú) chomh fada ó dheas le gleann na Bóinne, agus Gaeilge na Mumhan a bhí á labhairt in Osraí (Cill Chainnigh agus deisceart Laoise).

An chanúint mhór

Más aon chanúint amháin go bunúsach Gaeilge Chonnacht agus Gaeilge Laighean, mar a deir Williams, teastaíonn téarma uainn ar an ollchanúint chéanna. Thugtaí *Gáileoin* ar na Laighin réamhstairiúla, agus bhí Gáileoin le fáil i gCúige Chonnacht féin. Más ag caint ar Ghaeilge Chonnacht-Laighean atáimid, mar sin, molann Williams Gaeilge *Gháileonach* a thabhairt uirthi.

An fhianaise, mar sin. Mar a deir Williams, tá an chodarsnacht *cn/cr* ar cheann de na difríochtaí is suntasaí idir Gaeilge na Mumhan ar an taobh amháin agus Gaeilge Chonnachta agus an tuaiscirt ar an taobh eile. Téann an mhórchanúint Laighneach le Gaeilge Chonnacht, agus tá Gaeilge Osraí idir eatarthu, agus soláthraíonn sé roinnt logainmneacha mar léiriú. Tá sampla de *cn* ó Co. Chill Chainnigh (*Knuckavocka/Cnoc an Bhacaigh*); tá samplaí de *cr* i dtuaisceart Cho. Laoise (*Crucard/Cnoc Ard*, cnoc ar Shliabh Ghleann Bharú), i ndeisceart Cho. Chill Mhantáin (*Crapahown/Cnapach Abhann*), i gCo. Cheatharlach (*Crukeen/Cnoicín*) agus i gCo. Baile Átha Cliath (*Crooksling/Cnoc Slinne*), agus is é an scéal céanna é i gCo. Uíbh Fhailí agus i gCo. na hIarmhí: ‘Is dócha mar sin gur le Gaeilge Chonnacht a théadh Gaeilge Laighean maidir le *cn* ag tús focal, ní le Gaeilge na Mumhan’.

Tugann Williams aird freisin ar an mbéim a chuirtear ar shiollaí i gCúige Laighean, go háirithe an iarbhéim (ar an dara siolla). Aiceann ‘Muimhneach’ é sin, ach tá sé le sonrú, a deir Williams, ‘ar fhíor-chorrleagan i gCo. an Longfoirt agus Co. na hIarmhí’. Is féidir an méid sin a nascadh le samplaí den iarbhéim in oirthear Chonnacht, agus tá an iarbhéim le fáil i roinnt logainmneacha i gCo. Chill Mhantáin. Ní nach ionadh, aiceann na Mumhan a bhíodh le cloisteáil i ndeisceart Osraí agus é ag lagú de réir mar a théití ó thuaidh. B’ionann, áfach, imirt na béime i ndeisceart Laighean agus a leithéid i gCúige Chonnacht. Ach nuair a rinneadh liosta fada d’iarsmaí Gaeilge i mBéarla bharúntacht Scairbh an Bhreatnaigh, Co. Loch Garman, scríobh an faisnéiseoir: ‘words pronounced as in Galway’. Deir Williams:

Is éard a bhí sa limistéar Gáileonach mar a bheadh leathscáil nó *penumbra* na Mumhan .i. achar mór thart ar an Mumhain ó thuaidh, soir ó thuaidh agus soir. Thosaigh an t-athrú béime i limistéar sin na leathscáile ach sa deireadh thiar thall ghéill an t-athrú sin do sheanchlaonadh na Gaeilge chun an bhéim a chur ar shiolla na fréimhe.

Tá fianaise an-suimiúil eile ann le fuaimniú *mh/bh* leathan agus léiriú ann ar an éagsúlacht a bhain leis an mórchanúint. Déanann Williams amach gur mar *v* a deirtí *mh/bh* leathan in oirthear Laighean (mar a deirtear i gCúige Mumhan) ach mar *w* san iarthar (mar a deirtear i gCúige Chonnacht) agus gur ar an teorainn idir an dá fhuaimniú a bhí Cill Dara agus Ceatharlach.

Tá eolas eile le baint as na slite a d’fhuaimníí *ao*. Admhaíonn Williams gur uireasach an fhianaise atá againn, ach is í an tuiscint a bhaineann sé aisti gurbh fhairsinge an fuaimniú *ae* in oirthear Laighean (fuaimniú ‘Muimhneach’) ach gur ghnáthaí *i* san iarthar (mar is gnách i gConamara inniu). Uaireanta, áfach, rinneadh /u:/

nó /o:/ di, agus samplaí le fáil sna logainmneacha: *Rathnew/Ráth Naoi* agus *Ballinomoire/Baile na Maor* i gCill Mhantáin, *Moone/Maon* i ndeisceart Chill Dara, agus *Cruagh/Craobhach* i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.

Rud suimiúil eile: is dócha (más fíor do Williams) gur mar /a/ a fhuaimníttí *io* roimh *nn* in iarthar Laighean; d'fhuaimneofaí *fionn* mar *fan*, mar sin.

Baile Átha Cliath

Tá fianaise stairiúil ann ar an saghas Gaeilge a bhí á labhairt i mBaile Átha Cliath féin. Tá leid faoi chanúint na cathrach le fáil in *The Fyrst Boke of the Introduction of Knowledge* (1547), leabhar leis an Sasanach Andrew Borde, lia agus taistealaí: 'Kany's stato? Tam a goomah gramahagood' (Canas 'tá tú? Tá mé go maith, go raibh maith agat). Is féidir gur fhág tuin an tuaiscirt a rian ar chaint na háite; is féidir freisin gur bheagán de mheascán mearaí a bhí ann agus an chathair gafa idir Gaeilge oirthear Uladh agus an Ghaeilge Gháileonach.

Le himeacht aimsire i stair na Gaeilge ghlac an tabharthach (seantuiséal nach bhfuil le fáil sa Chaighdeán) áit an ainmnigh i bhfocail éigin. Samplaí de sin is ea *aimsir*, *seilbh* agus *namhaid*, agus bhí samplaí eile ann de réir na canúna. I litir a scríobhadh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1691 feictear an foirceann iolra tabharthach –*aibh* (-*ibh*, -*uimh*, srl.) i dtuisil uile an iolra seachas an tabharthach féin – ainmneach, áinsealach, ginideach: gnóthuimh (*áins.*), tíorthuibh (*áins.*), Lochlannuibh (*gin.*), Saxsonnuibh (*ain.*), cathairóribh (*gin.*), solathairibh (*gin.*), leithsealaibh (*gin.*), neithimh (*ain.*), ceannuibh (*áins.*), seirmhóintibh (*áins.*), slithibh (*gin.*), tíolaicibh (*gin.*). Ní fios an fada a mhair an nós sin.

Cill Chainnigh agus Laois

Fágann sin an dá shaghas Gaeilge eile, thuaidh agus theas. Is iomaí tagairt a dhéanann Williams do Dhonn Piatt, scoláire a rinne buntaighde ar iarsmaí na seanchanúintí sa Bhéarla. Nuair a bhí Piatt ag trácht ar iarsmaí na Gaeilge ar an Aill, ceantar lastuaidh de BÁC, luaigh sé an chosúlacht mhór a bhí idir tuin na háite agus Gaeilge Uladh.

Tuin na Mumhan a bhí i réim i gCill Chainnigh agus i ndeisceart Laoise, mar a dúradh thuas. Deirtí *chúm*, *chút*, *chúinn* ann in áit *chugam*, *chugat*, *chugainn*. Tá sé le tuiscint ó fhoinsí béaloidis gur *chugat* a deirtí in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí.

Deirtear gurbh é Pádraig de Paor an cainteoir dúchais deireanach i gCo. Chill Chainnigh. Taifeadadh cuid den bhéaloideas aige sa bhliain 1936, agus roinnt seanfhocal agus nathanna mar chuid de: 'Ní rinn tóin le talamh gnótha tapaidh riamh,' 'Bhainfeadh sé an smugairle dhen bhféileachán' (mar a deirtí lá fuar).

Is í an cháipéis is mó a thugann léargas ar Ghaeilge úd Osraí (canúint de chuid na Mumhan) an dialann a scríobh Amhlaoibh Ó Súilleabháin, ceannaí, scríobhaí agus múinteoir de chuid Cill Chainnigh, sa chéad chuid den 19ú haois. Tomás de Bhaldraithe a chuir eagar ar leagan giorraithe di mar *Cín Lae Amhlaoibh*, agus chuir sé nótaí fíorshuimiúla leis. Aithníonn sé 'neamhrialtacht' na gramadaí agus deir: 'Is é is dóiche a léiríonn an ghramadach chontráilte a bheag nó a mhór de ghnáthnósanna comhrá Amhlaoibh féin agus muintir a linne'. Ag seo cuid de na tréithe sin:

* Má tá abairt ann a thosaíonn le foirmeacha gineadacha agus an focal rófhada ón ainm a bhfuil sé ag brath air, athraíonn sé siúd go foirm an ainmnigh.

* An t-ainmneach uatha den aidiacht a úsáid sa tabharthach (rud a bhí bunoscionn le nós na Mumhan), e.g. *sa gcoill chumhach challóideach*.

* An t-ainmneach den ainmfhocal is den aidiacht a bheith in áit an ghineadaigh, e.g. *na gcapaill bhochta*.

* An t-ainmneach iolra den ainmfhocal a úsáid sa gineadach iolra: *ar chroíthe na mbochtáin, ag coimeád na marcaigh*.

* An t-ainmneach uathu den aidiacht leis an ainmneach iolra den ainmfhocal: *na caisleáin aolmhar, na grianáin ghreadhnach*.

* An t-ainmneach uathu den aidiacht leis an nginideach uatha den ainmfhocal (idir bhaininsneach is fhirinsneach): *i gcróilí an bháis bhagrach bhaolach, na gealaí iaradharcach*.

Mar a deir de Bhaldraithe, tá na nósanna sin le fáil i gcaint Ghaeltacht na linne seo agus sa teanga scríofa. Le Conamara a bhaineann na nósanna céanna inniu, tríd is tríd. Tá sliocht as an dialann thíos, agus tabharfar faoi deara gur leis an aimsir fháistineach a úsáidtear *má*.

Tá gach sliabh, beann, cnoc, cnocán má agus machaire foilithe go domhain le sneachta scuabach. Bhí cóiste an mhála déanach, agus dar ndóigh, ní iontach é, óir is mó do thit sneachta láimh le Baile Átha Cliath ná láimh le Callainn. Ní bheidh iontas orm má stadfaidh cóistí chúige Uladh... (1 Feabhra 1831)

Cainteoirí

San 18ú haois féin bhí an Béarla ag cúngú ar an nGaeilge, ach bhí cainteoirí dúchais fós in áiteanna a bhí Béarlaithe ar fad i ndeireadh an 19ú haois. Seo meastachán ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gcontaethe áirithe sa tréimhse 1771-1781:

Co. Chill Chainnigh 57%

Co. Lú 57%

Co. an Longfoirt 22%

Co. na Mí 41%

Co. na hIarmhí 17%

Fiú i lár an 19ú haois bhí Gaeltacht measartha mór i gCo. Bhaile Átha Cliath, agus níl aon amhras ná go raibh cainteoirí Gaeilge ina gcónaí i mBaile Átha Cliath féin le fada an lá. Bhí an teanga á saothrú ag ciorcal láidir liteartha ann sa chéad chuid den 18ú haois agus baint aige le Muintir Neachtain, agus mhair an Ghaeilge sa chathair sa chéad chuid den 19ú haois. Bhí Gaeilge á labhairt fós i nGleann na Smól, más fíor, i dtús an fichiú haois.

Fuair cainteoir deireanach Ghaeilge Osraí sa bhliain 1947. I gCo. Lú bhí an Ghaeilge ina teanga phobail fós sna 1920í agus cailleadh na cainteoirí deireanacha bás sna caogaidí.

Féach

De Bhaldraithe, Tomás (eag.). *Cín Lae Amhlaoibh*. An Clóchomhar Tta, 1970, 1973, 1976.

Fitzgerald, Garrett, 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 117-1781 to 1861-1871,' Volume 84, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 1984

Ó hÓgáin, Dáithí. *Labhrann Laighnigh: Téacsanna agus Cainteanna ó Shean-Chúige Laighean*, Coiscéim 2011

Wagner, Heinrich. *Linguistic atlas and survey of Irish dialects*. Dublin Institute for Advanced Studies, 1958-1969.

Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, Máirín (eag.). *Traidisún Liteartha na nGael*. An Clóchomhar Tta 1979, lgh 279-282.

Williams, Nicholas, 'Na Canúintí a Theacht chun Solais' i *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad 1994.



Anfaí agus farraigí arda

Ní hiad na heolaithe is mó a choinníonn ar an eolas sin faoi chúrsaí aeráide ach na hiriseoirí – idirghabhálaithe a bhfuil fios a ghnó acu nó, ar a laghad, gliogairnéis chliste. Ar an drong sin tá George Monbiot, iriseoir agus údar Briotanach a scríobhann do *The Guardian*, nuachtán liobrálach clé.¹ Ar nós cuid mhór dá leithéidí eile, tá sé ar aon intinn le formhór mór na n-eolaithe aeráide maidir le contúirt an fhorthéimh dhomhanda, agus tá roinnt ceisteanna le cur aige. An é gur mó an maitheas a dhéanfaidh an dé-ocsaíd charbóin ná an díobháil i ngeall ar

¹ 'If extreme weather becomes the norm, starvation awaits,' George Monbiot, *The Guardian*, 15 Deireadh Fómhair 2012: <http://www.guardian.co.uk/commentisfree/2012/oct/15/extreme-weather-starvation-food-production>

leasú talún? Cá mhéad is féidir le feirmeoirí a dhéanamh chun déileáil leis an athrú? An sáróidh saghsanna nua barraí an t-athrach aimsire?

I gcoitinne, mar a deir sé, meastar go ndéanfaidh an t-athrach aimsire dochar d'fheirmeoirí an Teochreasa agus maitheas d'fheirmeoirí i dtíortha measartha. Deir páipéir ón mbliain 2005 i leith go n-éireoidh go han-mhaith le feirmeoirí sa chuid is fionnuaire den domhan, agus gur feirmeoirí san Afraic agus i ndeisceart na hÁise a bheidh thíos leis. Más é an borradh is mó a thagann ar na gáis tí gloine (agus sin mar atá an scéal) tiocfaidh méadú 3% ar bharraí sna tíortha saibhre faoi na hochtóidí agus laghdú 7% in áiteanna eile – difríocht mhór. Ina theannta sin, is annamh a chuireann na mionsamhlacha teoiriciúla san áireamh ruathar na hadhaimsire – anfaí, tuilte gan choinne, tréimhsí ardteasa. Daichead bliain ó shin ní dheachaidh an teas loiscneach i bhfeidhm ach ar idir 0.1% agus 0.2% den domhan; inniu fágann sé a lorg ar thimpeall 10%.

Tá baint ag an scéal seo le scairdsruth áirithe a imíonn soir timpeall an leathsféir uachtaraigh thuaidh, ag dealú aimsir fhuar fhliuch an tuaiscirt ó aimsir thirim an deiscirt. Taobh istigh den sruth mór tá sruthanna lúbacha eile a dtugtar tonnta Rossby orthu, iad ag dul i bhfostú de bharr théamh an Artaigh agus ag plúchadh an scairdsrutha, rud a chuireann bhac ar athrú aimsire thuaidh agus theas.

Sin mar atá an scéal nuair nach bhfuil ach 0.8% d'fhorthéamh domhanda ann agus gan ach 30% den oighear mara samhraidh leáite. Cuimhnimis ar fhorthéamh de 2%, 4% nó 6% agus ar phol gan oighear ar bith. Tá feirmeoirí na dtíortha saibhre in ann ag athruithe aimsire den mheánsaghas. Is deacair a thuiscint conas a bheidís in ann ag teagmais fhoircneacha, go háirithe dá dtitfeadh teagmhais dhifriúla amach gach bliain.

Tá tuairimí eile ann, ar ndóigh. In alt faoin stoirm is déanaí a bhual na Stáit Aontaithe² deir beirt eolaithe Astrálacha nach ceart a rá gur measade stoirmeacha trópaiceacha an forthéamh domhanda agus nach call dúinn ligean do stoirm mhór breith orainn gan choinne. Is féidir a dhéanamh amach anois cé chomh minic is a thiocfaidh na stoirmeacha is measa, ach de bharr drochphleanála ligeadh do dhaoine tithe a thógáil ar thuilemhánna agus ar ísleáin chósta. Is cóir, dar leo, pleanáil stuama a dhéanamh, córas réamhrabhadh a chur ar bun agus bonneagar buanseasmhach a thógáil – réiteach is éifeachtaí ná 'innealtóireacht dhomhanda' na haeraíde. Tá ciall éigin leis sin, ar ndóigh, ach déarfadh eolaithe eile nach féidir an fhadhb a fhuascailt gan tabhairt faoi thionchar an fhorthéimh féin.

Tá dlúthbhaint ag cinniúint na bpol le hiompar na farráige, agus é ráite go minic gur aisteach an scéal é go bhfuil an t-oighear mara méadaithe san Antartaigh d'ainneoin an fhorthéimh. Is iomaí cúis a d'fhéadfadh a bheith leis seo. Tá laghdú tagtha ar an méid ózóin os cionn an Antartaigh, rud is cúis le fuarú sa strataisféar agus le neartú na ngaoth, agus níos mó uisce oscailte inreioite ann dá bharr. Tá níos mó fíoruisce san Aigéan Deisceartach de bharr breis báistí, rith chun srutha agus sneachta; níl sraitheanna difriúla an aigéin, idir the agus fhuara, chomh measctha sin anois agus is deacair don oighear leá. De réir staidéir a d'fhoilsigh NASA sa bhliain 2005, titeann níos mó sneachta ar imeall an Antartaigh anois de bharr ardú na teochta agus an fharráige oscailte ag éascú na frasaíochta. (Súnn aer te an taise isteach gan dua.) Brúnn meáchan an tsneachta sin an t-oighear mara síos san fharráige agus reonn breis uisce dá bharr. Mar sin féin, laghdú fadtréimhseach atá ag teacht ar an oighear mara ón gcuid deiridh den 19ú haois. (Níor thosaigh an t-oighear mara ag laghdú thuaidh go dtí timpeall na bliana 1970.)

Scéal eile is ea oighear talún an Antartaigh agus é ag leá go tiubh. Seo oighear nach raibh riamh san fharráige agus má imíonn sé ina shruth borrfaidh an fharráige dá bharr. Tá na hoighearshruthanna móra ag caolú anois, fiú i lár an Antartaigh, agus beidh a rian sin ar ár gcóstaí feasta.

Féach: <http://www.skepticalscience.com/antarctica-gaining-ice.htm>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

² 'Cometh the storm, cometh the climate lies,' William Kininmonth agus Bob Carter, *The Age*, 8 Samhain 2012.

Leaganacha simplithe

Gaeilge Chúige Laighean

Níl aon duine de sheanchainteoirí dúchais Chúige Laighean beo anois, ach tá suim ag daoine i gcónaí sa saghas Gaeilge a labhraíte ann. Rinne Nicholas Williams athbhreithniú³ ar an bhfianaise in alt i *Stair na Gaeilge* (1994). Rinne sé amach go mbíodh trí chanúint á labhairt i gCúige Laighean – ceann mór agus dhá cheann eile. Le Cúige Chonnacht a bhain an chanúint mhór. Chuaigh sí soir go dtí Baile Átha Cliath agus ó dheas go dtí Loch Garman. Gaeilge an tuaiscirt a bhí á labhairt in Oiriaila (Contae na Mí agus Contae Lú) agus Gaeilge na Mumhan a bhí á labhairt in Osraí (Cill Chainnigh agus deisceart Laoise).

Tá difríocht mhór idir Gaeilge na Mumhan agus na canúintí eile maidir le fuaimniú na gconsan CN. I gcanúint Chonnacht fuaimnítear iad mar CR, agus sin é an fuaimniú atá le fáil in oirthear Chúige Laighean. Féach, mar shampla, *Crooksling/Cnoc Slinne* i gContae Bhaile Átha Cliath.

Tá tábhacht freisin leis an mbéim a chuirtear ar shiollaí i gCúige Laighean, go háirithe an iarbhéim (ar an dara siolla). Béim ‘Mhuimhneach’ í sin, ach ní raibh sé coitianta i gCúige Laighean ach amháin in Osraí. B’ionann an bhéim i ndeisceart Laighean, tríd is tríd, agus an bhéim i gCúige Chonnacht. Tá fianaise ann go bhfuaimnítear focail i gContae Loch Garman mar a d’fhuaimnítear iad i gContae na Gaillimhe. Mar sin féin, bhí tionchar ag Gaeilge na Mumhan ar chuid de chanúint mhór Laighean.

Tá sampla de Ghaeilge Bhaile Átha Cliath i leabhar a scríobh Sasanach sa bhliain 1547: ‘Kany’s stato? Tam a goomah gramahagood’ (Canas ‘tá tú? Tá mé go maith, go raibh maith agat). B’fhéidir go raibh blas an tuaiscirt ar an nGaeilge sin, ó bhí canúint Ultach á labhairt i dtuaisceart an chontae. Taispeánann litir a scríobhadh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1691 go n-úsáidtear an t-iolra tabharthach *-aibh* (nach n-úsáidtear anois) i dtuisil uile an iolra.⁴

Tá a lán eolais ar Ghaeilge Mhuimhneach Osraí le fáil i ndialann a scríobh Amhlaoibh Ó Súilleabháin, ceannaí, scríobhaí agus múinteoir, i Contae Chill Chainnigh sa chéad chuid den 19ú haois. Tá tréithe suimiúla ag an nGaeilge sin atá cosúil le tréithe Ghaeilge Chonamara inniu. Mar shampla, úsáidtear an t-ainmneach⁵ iolra sa ghineadach⁶ iolra: *croíthe na mbochtáin* in áit *croíthe na mbochtán*.

Bhí an Béarla ag leathadh trí Chúige Laighean san 18ú haois féin, ach bhí mórán cainteoirí dúchais fós ann ag an am. Fiú i lár an 19ú haois bhí Gaeilge á labhairt i gContae Bhaile Átha Cliath. Fuair cainteoir deireanach Ghaeilge Osraí bás sa bhliain 1947.

Anfaí agus farraigí arda

Is trí na hiriseoirí is mó a fhaighimid eolas ar chúrsaí aeráide, agus aontaíonn a bhformhór leis na heolaithe a deir go bhfuil an domhan ag éirí níos teo de bharr iompar⁷ daoine. Ar na hiriseoirí sin⁸ tá George Monbiot, iriseoir agus údar Briotanach. Tá athbhreithniú déanta aige ar an bhfianaise. Deir sé gur dócha go ndéanfaidh aeráid níos teo maitheas⁹ d’fheirmeoirí i dtíortha measartha¹⁰ nó fionnuaire. Déanfaidh sí dochar d’fheirmeoirí i dtíortha brothallacha. Tiocfadh méadú 3% ar bharráí na dtíortha measartha agus laghdú 7% ar bharráí i dtíortha eile. Chomh maith leis sin, beidh adhamsir¹¹ ann – anfaí, tuilte gan choinne, tréimhsí ardteasa.

³ Athbhreithniú - review

⁴ Iolra - plural

⁵ Ainmneach - nominative

⁶ Gineadach - genitive

⁷ Iompar - behaviour

⁸ Ar na hiriseoirí sin – among those journalists

⁹ Dean maitheas do - benefit

¹⁰ Measartha - temperate

¹¹ Adhamsir – extreme weather

Tá baint aige seo le scairdsruth¹² áirithe a imíonn soir timpeall an leathsféir thuaidh, ag dealú aimsir fhuar fhliuch an tuaiscirt ó aimsir an deiscirt. Taobh istigh den sruth mór sin tá sruthanna lúbacha eile a dtugtar tonnta Rossby orthu. Tá siad sin ag dul i bhfostú de réir mar a éiríonn an tArtach níos teo, rud a chuireann bac ar athrú aimsire. Ach beidh teagmais fhoircneacha¹³ ann go fóill.

Deir daoine eile nach ceart a rá go ndéanann an forthéamh domhanda¹⁴ na stoirmeacha trópaiceacha¹⁵ níos measa. Deir siad go gcaithimid pleanáil phraiticiúil a dhéanamh. Ní ceart ligean do dhaoine tithe a thógáil róghar¹⁶ don chósta agus caithfidh córas réamhrabhaidh a bheith ann. Deir eolaithe eile, áfach, gurb é téamh na haeráide is cúis leis na stoirmeacha trópaiceacha is measa.

Idir an dá linn, tá dhá rud dhifriúla ag titim amach san Antartach. Tá níos mó oighear mara ann agus níos lú oighear talún. Titeann níos mó sneachta timpeall an Antartaigh anois de bharr ardú na teochta, toisc go bhfuil an t-aer ag sú isteach taise¹⁷ ón bhfarraige oscailte. Brúnn meáchan an tsneachta sin an t-oighear mara síos san fharraige agus reonn¹⁸ breis uisce dá bharr. Tá oighear talún (oighearshruthanna) ag leá go tiubh. Tá uisce ansin nach raibh riamh san fharraige, agus borrfaidh an fharraige dá bharr.

¹² Scairdsruth – jet stream

¹³ Teagmhais fhoircneacha - extreme weather events

¹⁴ Forthéamh domhanda – global warming

¹⁵ Stoirmeacha trópaiceacha –tropical storms

¹⁶ Róghar do – too close to

¹⁷ Taise - moisture

¹⁸ Reonn - freezes